**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird**
**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin 27 Feabhra 2025 ag 11.00am**

**Cruinniú hibrideach: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322 agus físchomhdháil (VC)**

<table>
<tr><td>An Bord</td><td>I láthair:<br><br>- Eoin McVey, Cathaoirleach<br>- An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Leas-Chathaoirleach (1-14.2, VC)<br>- An Dr Marie Bourke<br>- Michael Diviney<br>- John Grenham (VC)<br>- Lisa Grimm<br>- Lorelei Harris<br>- An Dr Brian Lang<br>- An tOllamh Kalpana Shankar (1-11, VC)<br>- Genevieve Wyeth<br><br>Leithscéalta:<br><br>- Caitriona Sharkey</td></tr>
<tr><td>Feidhmeannas</td><td>I láthair:<br><br>- An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir<br>- Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird<br>- Katy Lumsden, Ceannasaí na nAcmhainní Daonna (11)<br>- Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca (POR) (12-14)<br>- Brian O’Donnell, Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát (15)</td></tr>
<tr><td colspan="2">Tabhair do d’aire: Tá folúntas amháin ar an mBord. Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuirtear in iúl (Mír 1-11) thuas, mar shampla, nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh siad i láthair le haghaidh mír(eanna) áirithe de na miontuairiscí.</td></tr>
</table>

1. **Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta**

Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann agus ghlac sé le clár oibre an chruinnithe. Mar fhreagra ar iarratas an Chathaoirligh, dhearbhaigh comhaltaí an Bhoird nach raibh aon choinbhleachtaí leasa acu.

**Bhí an cruinniú Boird le córam. Ghlac an Bord leis an gclár oibre agus níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí leasa.**

Tabhair do d'aire: Scaipeadh páipéir uile an Bhoird roimh chruinniú an Bhoird. Scaipeadh leagan eile de pháipéar an Bhoird a bhain le Mír 6.3.2 den Chlár Oibre tar éis chruinniú an Bhoird. Glacadh leis gur léadh na páipéir uile.

2. **Dréacht-mhiontuairiscí chruinniú Boird an 12Nollaig 2024 agus a bhfoilsiú**

Thug an Cathaoirleach tuairisc ó bhéal don Bhord.

**Thug an Bord faoi dá n-aire go bhfuil an mhír seo curtha siar go dtí an chéad chruinniú eile den Bhord.**

3. **Nithe ag éirí astu**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus sholáthair se faisnéisiú breise ó bhéal ar roinnt gníomhartha.

**Thug an Bord dá n-aire na nithe a tháinig chun cinn. Thug an Bord dá n-aire freisin leagan amach an tábla gníomhaíochta athbhreithnithe agus thug sé breac-chuntas ar leasuithe breise atá le cur i bhfeidhm ar pháipéar an Bhoird amach anseo.**

4. **Tuarascáil Feidhmiúcháin**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus chuir sé an Bord ar an eolas ó bhéal ar ábhair ghaolmhara. D'fhreagair an Stiúrthóir ceisteanna ón mBord maidir le (i) an Chruinniú Mullaigh idir an RA agus Éirinn atá le teacht mar a bhaineann sé le cultúr; (ii) aon phleananna leathnaithe le haghaidh Poetry Aloud; agus (iii) i bhfianaise an chlúdaigh sna meáin le déanaí maidir le dhá institiúid atá faoi choimirce an R/TCEGSM, cibé an bhfuil an NLI tar éis earraí caiteachais chaipitil a sholáthar le déanaí, nó an bhfuil sé i gceist acu a leithéid a sholáthar. Phléigh an Bord na himeachtaí a d'eagraigh an Roinn Taispeántais, Foghlama agus Cláreagraithe, lena n-áirítear aitheantas ar líon mór daoine

a chuireann in áirithe chun freastal ar na himeachtaí saor in aisce, ach ina dhiaidh sin bíonn líon suntasach nach dtagann.

**Thug an Bord dá n-aire agus phléigh sé Tuarascáil an Fheidhmeannais an 27 Feabhra 2025. D'iarr an Bord páipéar faisnéise maidir le soláthar beartaithe táirge a shanntar mar chaiteachas caipitil.**

## 5. Príomh-Aralt na hÉireann

Chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas ó bhéal maidir le comharbas agus pleanáil eagraíochtúil i bhfianaise na scoir atá ar feitheamh ag Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta – Príomh-Aralt na hÉireann. D'fhreagair an Stiúrthóir ceist ó Chathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas maidir leis an tréimhse ama atá beartaithe chun na pleananna sin a chur i bhfeidhm.

**Thug an Bord dá n-aire agus phléigh sé na pleananna comharbais agus eagraíochtúil maidir le hOifig Phríomh-Aralt na hÉireann.**

## 6. Coistí an Bhoird

### 6.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

#### 6.1.1 Tuarascáil an 17 Feabhra 2025

Thug Leas-Chathaoirleach an Bhoird, ina ról mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

**Thug an Bord dá n-aire an tuarascáil don Bhord ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 17 Feabhra 2025.**

#### 6.1.2 Miontuairiscí an 3 Nollaig 2024

**Thug an Bord dá n-aire miontuairiscí faofa chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 3 Nollaig 2024.**

6.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas

Chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl don Bhord go bhfuil sé i gceist go mbuailfidh an Coiste le chéile ar an 3 Márta 2025 agus d'athdhearbhaigh sé na pleananna atá i bhfeidhm chun comóradh a dhéanamh ar scor Choimeádaí na mBailiúchán Speisialta - Príomh-Aralt na hÉireann, atá ina chomhalta de bhrí oifige den Choiste freisin.

**Thug an Bord dá n-aire an fhaisnéisiú ó bhéal a thug Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas.**

6.3 An Coiste Comhairleach do Léitheoirí:

6.3.1 Cruinnithe - Tuarascáil an 5 Feabhra 2024 agus Miontuairiscí an 4 Nollaig 2024

Thug Cathaoirleach an Choiste eolas ó bhéal don Bhord maidir leis an gcruinniú a bhí ag an gCoiste le déanaí.

**Thug an Bord dá n-aire an tuarascáil ó bhéal don Bhord maidir le cruinniú Choiste Comhairleach do Léitheoirí an 5 Feabhra 2025 agus miontuairiscí faofa chruinniú Choiste Comhairleach do Léitheoirí an 4Nollaig 2024.**

6.3.2 Cairt

Chuir Cathaoirleach an Choiste an Bord ar an eolas ó bhéal maidir le hathbhreithniú an Choiste ar a Chairt agus rinne sé cur síos ar athruithe breise molta ar an gCairt ón leagan den dréacht-doiciméad a scaipeadh ar an mBord go dtí an leagan eile atá le scaipeadh ar an mBord tar éis an chruinnithe seo.

D'fhreagair Cathaoirleach an Choiste agus an Stiúrthóir faoi seach ceisteanna ón mBord ar shainchúram an Choiste um Chomhionannas, Cothromas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EEDI) agus acmhainní EEDI laistigh den NLI.

**Phléigh agus d'fhaomh an Bord Cairt athbhreithnithe Choiste Chomhairligh na Léitheoirí ag teacht le faisnéisiú ó bhéal Chathaoirleach an Choiste ar an**

**leagan den Chairt atá le scaipeadh ar an mBord tar éis an chruinnithe seo.**

## 7. Tionscadal Forbartha Caipitil: Socruithe Rialachas & Oibríochtaí

Chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas ó bhéal ar an Tionscadal Forbartha Caipitil (TFC) lena n-áirítear athruithe pearsanra san OOP agus R/TCEGSM, agus cruinniú le teacht a mbeidh an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca agus páirtithe leasmhara ábhartha ar na socruithe Rialachas & Oibríochtaí páirteach ann. Thug an Leas-Chathaoirleach, ina ról mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le fios don Bhord gur mheas sé, de bharr an chruinnithe CIR le déanaí, go gcuirfí fáilte roimh shoiléireacht an Bhoird maidir le róil agus freagrachtaí NLI agus OOP faoi seach i ndáil leis an TFC.

**Tar éis plé a dhéanamh, d'admhaigh an Bord:**

- **tá caidreamh stairiúil idir an NLI agus an OOP;**
- **is tionónta í an NLI sna foirgnimh a bhfuil sí ag feidhmiú iontu, agus tá a saineolas lonnaithe i mbailiú, i gcosaint agus i gcur ar fáil cuimhne thaifeadta na hÉireann**
- **Is í an OOP úinéir na bhfoirgneamh a bhfuil an NLI ag feidhmiú iontu, agus tá a saineolas lonnaithe i mbainistíocht eastáit agus**
- **tá an OOP freagrach go hiomlán as an TFC.**

**D'iarr an Bord go mbeadh cumarsáid NLI maidir leis an TFC ag teacht leis an méid thuas.** [redacted]

## 8. Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta, 2025

Chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas ó bhéal ar an dréacht-Chomhaontú Maoirseachta agus ar an gComhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta, 2025. D'fhreagair an Stiúrthóir ceist ón mBord maidir le hacmhainní ag leibhéal LT.

**Thug an Bord dá n-aire agus phléigh sé Comhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta 2025 arna fhaomhadh ag an bhFoireann Ceannaireachta agus faoi réir na leasuithe breise atá sonraithe i bpáipéar ábhartha an Bhoird.**

**Thug an Bord dá n-aire agus phléigh sé an dréacht-Chomhaontú Maoirseachta 2025. Thug an Bord n-dá aire freisin go bhfuil faomhadh**

**an dréacht-Chomhaontaithe curtha siar go dtí go bhfaigheann siad iarratas chun an Comhaontú sin a cheadú trí ríomhphost roimh an gcéad chruinniú Boird eile nó go dtí an chéad chruinniú Boird eile.**

**9. Seicliosta Comhlíonta do Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála, 2023**

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

**Bhreithnigh agus cheadaigh an Bord an Seicliosta um Chomhlíonadh do Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála, 2023 mar a bhaineann sé leis an NLI. Thug an Bord dá n-aire go seolfar an Seicliosta faofa ar ais chuig R/TCEGSM anois lena chomhshíniú. Thug an Bord breac-chuntas ar na leasuithe atá le cur i bhfeidhm ar pháipéar an Bhoird maidir le Seicliosta um Chomhlíonadh 2024 a bhfuiltear ag súil leis ón R/TCEGSM tríd an bhFeidhmeannas chuig an mBord i R3 2025.**

**10. Tosaíochtaí Eagraíochtúla Straitéiseacha NLI**

10.1 Tosaíochtaí Eagraíochtúla Straitéiseacha NLI, 2024: Athbhreithniú Deireadh na Bliana

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

**Thug an Bord dá n-aire agus phléigh sé an tAthbhreithniú Deireadh na Bliana ar Thosaíochtaí Eagraíochtúla Straitéiseacha NLI (SOP) 2024.**

10.2 Tosaíochtaí Eagraíochtúla Straitéiseacha NLI, 2025

**Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha. Thug an Bord dá n-aire agus phléigh sé SOP NLI do 2025. D'iarr an Bord go gcuirfí 'Clár na mBailiúchán Folaithe' ar ais sa SOP do 2026. Thug an Bord breac-chuntas ar leasú atá le cur i bhfeidhm ar thuarascálacha lár bliana agus deireadh bliana an Fheidhmeannais ar an SOP do 2025.**

**11. Acmhainní Daonna:** Dréachtbheartas Earcaíochta

Thug an Ceannasaí Acmhainní Daonna breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus d'fhreagair sé ceist ón mBord maidir leis an gcaoi a gcuirtear Dréachtbheartas Earcaíochta NLI i gcomparáid lena bpiaraí.

**D'fhaomh an Bord an Dréachtbheartas Earcaíochta HR-PO-01. D'fháiltigh an Bord roimh thiomantas an Fheidhmeannach do EEDI.**

## 12. Cúrsaí Airgeadais

12.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

**Phléigh agus d'fhaomh an Bord na Cuntais Bhainistíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024. Thug an Bord dá n-aire an Tuarascáil Soláthair nuashonraithe.**

12.2 Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 (dréacht 1) (FS2024-dréacht 1)

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha agus chuir sé in iúl don Bhord go raibh an nochtadh a bhaineann leis an NSSO sa Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha (leathanach 9 den FS2024-d1) cruinn, tar éis cumarsáid a fháil le déanaí ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. D'fhreagair an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca ceist ón mBord maidir leis an amlíne don iniúchadh seachtrach.

**Thug an Bord dá n-aire agus phléigh sé na Ráitis Airgeadais (neamhiniúchta) 2024, dréacht 1 don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024.**

12.3 Buiséad Ardleibhéil 2025 (leagan 2)

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha.

**Rinne an Bord athbhreithniú agus plé ar an dréachtbhuiséad Ardleibhéil 2025 leagan 2 lena n-áirítear rannpháirtíocht an Bhoird agus an Fheidhmeannais leis an R/TCEGSM maidir leis an dréachtbhuiséad.**

**13. Éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2024 agus dréacht-Ráiteas ó Rialuithe Inmheánacha don bhliain dar críoch 31 31 Nollaig 2024**

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca breac-chuntas ar an bpáipéar Boird ábhartha. Thug comhaltaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca dá n-aire go raibh siad sásta le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha in 2024.

**Phléigh an Bord an cheist agus d'aontaigh sé go raibh na rialuithe inmheánacha in 2024 éifeachtach. D'fhaomh an Bord an Dréachtráiteas ar Rialuithe Inmheánacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024. Rinne an Bord moladh maidir le Litir Chuimsitheach an Chathaoirligh chuig an Aire don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024.**

**14. Bainistíocht Riosca**

14.1 Nuashonrú POR

Thug an Ceannasaí Airgeadais-Príomhoifigeach Riosca nuashonrú ó bhéal don Bhord ar bhainistíocht riosca ag teacht le páipéar an Bhoird le haghaidh Mír 6.1.1 den Chlár Oibre.

**Thug an Bord dá n-aire nuashonrú ó bhéal an POR.**

14.2 Eastáit - Tuarascáil Achomair Sláinte & Sábháilteachta, 2024

**Thug an Bord dá n-aire an Tuarascáil Achoimre Sláinte & Sábháilteachta don bhliain 2024.**

**15. Eastáit:** Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide NLI

Chuir an Leas-Stiúrthóir-Cheannasaí na nEastát in iúl don Bhord go leanann sé ag déanamh taighde ar oiliúint de réir iarratas an Bhoird ar chúrsa a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide in earnáil phoiblí na hÉireann, agus go gcuirfidh sé aon oiliúint chuí faoi bhráid an Bhoird.

**Phléigh an Bord an cur i láthair ar Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide NLI agus d'aontaigh sé comhairle a chur ar an Leas-**

**Stiúrthóir-Cheannasaí na nEastát faoi aon oiliúint bhreise ar cheannaireacht aeráide ar mhaith leo leas a bhaint aisti.**

**16. Aon Ghnó Eile**

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, thug an Cathaoirleach faisnéis ó bhéal don Bhord maidir lena chruinniú réigiúnach bliantúil a bhí sceidealaithe do Mheitheamh 2025.

**Thug an Bord dá n-aire sonraí tosaigh maidir lena chruinniú réigiúnach bliantúil agus go ndéanfaí féilire an Bhoird a nuashonrú dá réir.**

**17. An chéad chruinniú Boird eile:** Déardaoin 24 Aibreán 2025, 11.00am (hibrideach)

**Thug an Bord dá n-aire ag a chéad chruinniú eile go bhfuil sé sceidealta le bheith ar siúl Déardaoin 24 Aibreán 2025, 11.00am (hibrideach)**

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**